Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2023
(OR. en)

16995/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0117(NLE)**

PECHE 619

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta faisnéise maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023-2027) |

Tar éis a shínithe an 30 Meitheamh 2023, thug an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar fógra, an 11 Nollaig 2023 agus an 12 Nollaig 2023 faoi seach, go raibh bailchríoch curtha acu ar a nósanna imeachta inmheánacha chun an Comhaontú agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a thabhairt i gcrích..

Dá bhrí sin, tagann an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, de bhun Airteagal 17(1) den Chomhaontú agus Airteagal 18(1) den Phrótacal, i bhfeidhm an 12 Nollaig 2023.